# Tuarascáil Riosca Oifige – Feabhra 2025

Tá próiseas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Oifig le coiste bainistithe priacal (CBP) ar a bhfuil triúr stiúrthóir iniúchta ag déanamh maoirseachta ar an bpróiseas. Buaileann an CBP le chéile uair sa ráithe agus déanann siad measúnú ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le bainistíocht riosca a rinneadh a thaifeadadh ar Chlár Riosca na hOifige agus aon rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Mar chuid den phróiseas bainistíochta riosca taobh istigh den Oifig, foilsíonn an CBP clár riosca corparáideach ar an idirlín uair sa ráithe ag leagan amach ‘léarscáil teasa’ de na rioscaí corparáideacha ar fad agus na rioscaí meánacha i bhfoirm liosta. Seo hiad a leanas na rioscaí ‘iarmharacha’, ag cur rialuithe maolaitheacha san áireamh. Tá conclúid ghinearálta an CBP ar dhul chun cinn ar bhainistiú rioscaí a bhfuil ráta ‘ard’ orthu tugtha i gcuid na ‘gconclúidí’.

Nóta: Léiríonn na figiúirí sna lúibíní gluaiseacht ar líon na rioscaí taobh istigh de scór riosca sa tréimhse sin

| Tionchar Riosca | | 1 Caolseans | 2 Ní dócha | 3 Níos dóichí ná a mhalairt | 4 Is dócha | 5 Á tarlú cheana féin |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tubaisteach | 5 | **0** (-) | **0** (-) | **0** (-) | **0** (-) | **0** (-) |
| Damáiste an- suntasach | 4 | **1** (-) | **1** (-) | **1** (-) | **0** (-) | **0** (-) |
| Damáiste measartha | 3 | **1** (+1) | **2** (-) | **1** (-) | **0** (-) | **0** (-) |
| Damáiste Íseal/gur féidir smacht a choinneáil air | 2 | **4** (-) | **1** (-) | **0** (-) | **0** (-) | **0** (-) |
| Neamhthábhachtach | 1 | **1** (-) | **0** (-) | **0** (-) | **0** (-) | **0** (-) |

**Seans Riosca**

| Grád | Riosca |
|---|---|
| 1 | Sáruithe cibearshlándála agus/nó sáruithe sonraí |
| 2 | Nochtaí a dhéantar don/faoin Oifig nach bhfreagraítear mar is ceart |
| 3 | Folúntais nach bhfuil líonta |

## Conclúidí CBP

Ní mheasann an CBP go bhfuil aon rioscaí iarmharacha a bhfuil ráta ard ag baint leo ann ag an am seo. Rinne an CBP athbhreithniú ar dhul chun cinn i mbainistíocht rioscaí mar atá leagtha amach sna gníomhartha láimhseála riosca agus rinne siad machnamh ar rioscaí tuairiscithe agus rioscaí a bhí ag teacht chun cinn. Níor tuairiscíodh aon rioscaí ar an gcóras tuairiscithe riosca.

Is í conclúid fhoriomlán an Choiste i mí na Feabhra 2025 gurb é an riosca iarmharach is mó atá os comhair na hOifige ná nach gcomhlíonann an Oifig na ceanglais dlí uile, na hoibleagáidí rialachais agus na hoibleagáidí corparáideacha eile mar gheall ar shárú cibearshlándála agus/nó sárú sonraí. Baineann an chéad dá riosca is suntasaí eile le heaspa freagartha ar bhealach iomchuí do nochtaí a dhéantar don/faoin Oifig agus nach mbeidh dóthain foirne ag an Oifig mar gheall ar fholúntais nár líonadh.